Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 28 Samhain 2022**
**(OR. en)**

**15361/22**

**JEUN 180**
**SOC 655**
**EDUC 409**
**GENDER 195**
**DIGIT 225**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle agus ó ionadaithe Rialtais na mBallstát ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle maidir leis an ngné idirghlúine i réimse na hóige a chur chun cinn chun idirphlé agus comhtháthú sóisialta a chothú |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo na conclúidí thuasluaite ón gComhairle, a ghlac an Chomhairle (Oideachas, Óige, Cultúr agus Spórt) ag an gcruinniú a bhí aici an 28 agus an 29 Samhain 2022.

Conclúidí ón gComhairle agus ó ionadaithe Rialtais na mBallstát ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle maidir leis an ngné idirghlúine i réimse na hóige a chur chun cinn chun idirphlé agus comhtháthú sóisialta a chothú

MAIDIR LEIS AN gCOMHAIRLE AGUS LE hIONADAITHE RIALTAIS NA mBALLSTÁT, AG TEACHT LE CHÉILE DÓIBH I dTIONÓL NA COMHAIRLE

AITHNÍONN SIAD AN MÉID SEO A LEANAS:

1. Le Sprioc #3, 'Sochaithe cuimsitheacha', de na Spriocanna Eorpacha don Óige i Straitéis an Aontais Eorpaigh i leith na hÓige, féachtar le tuilleadh spásanna, deiseanna, acmhainní agus clár a chur ar fáil chun idirphlé[1] agus comhtháthú sóisialta a chothú, agus idirdhealú agus leithscaradh a chomhrac agus is é is aidhm do Sprioc #4, dar teideal 'Faisnéis agus idirphlé cuiditheach', a áirithiú go nglacfaidh daoine óga páirt in idirphlé rannpháirteach cuiditheach.

2. Ag tógáil ar na féidearthachtaí atá ann cheana ar an leibhéal Eorpach, náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil, aithníonn Bliain Eorpach na hÓige (2022) gur gá cumhacht, onóir agus tacaíocht a thabhairt do dhaoine óga agus dul i dteagmháil leo chun a áirithiú go gcuirfear a leasanna agus a riachtanais san áireamh go cuí i ngníomhaíochtaí polaitiúla ar fud na réimsí beartais[2]. Tá ghné idirghlúine an bheartais óige ríthábhachtach chun cuspóirí na Bliana a bhaint amach agus chun a hoidhreacht a chinntiú ar bhealach atá comhtháite go sóisialta.

[1] Chun críoch na gConclúidí seo ón gComhairle, tuigtear gurb é a chiallaíonn 'idirphlé' 'idirphlé idirghlúine'.

[2] Cinneadh (AE) 2021/2316 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Nollaig 2021 maidir le Bliain Eorpach na hÓige (2022), IO L 462/1.

3. Tá sé d'acmhainneacht ag an obair óige, i measc nithe eile, cabhrú le daoine óga a bhfuil cúlraí éagsúla agus dálaí maireachtála éagsúla acu, lena n-áirítear iad siúd ar lú na deiseanna atá acu, páirt a ghlacadh i gcineálacha éagsúla tionscadal agus gníomhaíochtaí idirghlúine agus d'fhéadfadh sí a bheith ina hionstraim luachmhar chun idirphlé idirghlúine, dlúthpháirtíocht idirghlúine agus cothromas idirghlúine a chur chun cinn agus chun caidrimh dhearfacha a chothú idir daoine ó ghlúine éagsúla.

4. Is féidir ról tábhachtach a bheith ag comhairlí óige, eagraíochtaí óige, struchtúir na hoibre óige, líonraí don óige agus grúpaí neamhfhoirmiúla daoine óga maidir le hidirphlé, cothromas agus dlúthpháirtíocht idirghlúine a chur chun cinn. Leis an saineolas óige[3] agus an taithí praiticiúil atá acu maidir leis an óige, tá sé de chumas acu spás tástála a chruthú agus rannchuidiú le réitigh nuálacha agus modhanna comhoibrithe idirghlúine a aimsiú.

5. Léirigh paindéim COVID-19 agus cogadh foghach na Rúise ar an Úcráin, rud ba chúis le hinsreabhadh ollmhór dídeanaithe ón Úcráin in 2022, go bhfuil oibrithe deonacha de gach aois tábhachtach do shochaithe chun athléimneacht na sochaí in aimsirí géarchéimeanna a chur chun cinn. Tá sé cruthaithe ag daoine óga a rinne obair dheonach sna Ballstáit le linn na paindéime agus le linn insreabhadh na ndídeanaithe go bhfuil sé d'acmhainn acu an dlúthpháirtíocht idirghlúine a chur chun cinn agus naisc idirghlúine a chruthú idir daoine óga agus aoisghrúpaí eile[4].

6. Tugann saorálaíocht idirghlúine daoine óga agus seanóirí le chéile i ngníomhaíochtaí, cláir agus tionscadail chórasacha a théann chun tairbhe don dá thaobh, a chuireann dlúthpháirtíocht, tuiscint níos doimhne agus meas níos fearr idir na glúine chun cinn, agus a chuidíonn le pobail níos comhtháite a thógáil.

---

3 Tuigtear go gciallaíonn saineolas óige léargas daoine óga ar an méid atá feicthe acu a oibríonn agus a fheidhmíonn go maith.

4 Freagairtí na mBallstát i gceistneoirí arna nuashonrú go tráthrialta maidir leis na bearta a ghlac na Ballstáit i réimse an oideachais agus na hóige le linn phaindéim COVID-19 faoi uachtaránachtaí HR, DE, PT agus SI.

7. Léiríonn an deighilt dhigiteach éagothroime sheanbhunaithe maidir le scileanna a fhorbairt agus rochtain a chur ar fáil ar theicneolaíochtaí nua. Aithnítear sa Pháipéar Uaine ón gCoimisiún maidir le haosú go bhféadfaí meath na meabhairshláinte agus na folláine a chosc agus neamhionannais a laghdú trí infheistíocht a dhéanamh i scileanna digiteacha, i bhforbairt pobail agus i gcomhtháthú idirghlúine[5]. Is réimse é comhroinnt scileanna agus eolais dhigitigh inar féidir le daoine óga ról ceannasach a bheith acu agus cabhrú le nasc idirghlúine níos láidre a chruthú le daoine atá níos sine ná iad[6].

8. Maidir le cláir agus tionscnaimh an Aontais amhail Erasmus+, an Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach, Idirphlé Óige an Aontais Eorpaigh, Bliain Eorpach na hÓige 2022, an Chomhdháil ar Thodhchaí na hEorpa, an Bauhaus Eorpach Nua, chomh maith le Cistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa (CSIE), lena n-áirítear ALMA (Beartaigh, Foghlaim, Máistrigh, Gnóthaigh) faoi Chiste Sóisialta na hEorpa Plus agus Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh (NextGenerationEU), d'fhéadfadh na hionstraimí sin a bheith an-luachmhar maidir le hidirphlé idirghlúine a chur chun cinn agus dlúthpháirtíocht idirghlúine a spreagadh i réimse na hóige ar an leibhéal áitiúil, réigiúnach, náisiúnta agus Eorpach. Is cruthúnas beo iad tionscadail atá bunaithe ar ghníomhaíochtaí saorálaíochta agus dlúthpháirtíochta ar thiomantas daoine óga a bheith rannpháirteach go gníomhach san idirphlé idirghlúine agus sa dlúthpháirtíocht idirghlúine, i measc nithe eile.

---

**5** An Coimisiún Eorpach, Páipéar Uaine maidir le haosú: Dlúthpháirtíocht agus freagracht a chothú idir na glúine, COM(2021) 50 final, IO C 50, 27.1.2021, lch. 21.

6 Tuarascáil speisialta ó Euractiv dar teideal *Golden years: Opportunities for Europe´s ageing population* [Na blianta órga: Deiseanna do dhaonra an Aontais atá ag dul in aois] an 22 Meitheamh 2022, agus tagairt á déanamh do *Unifying Generations: Building the Pathway to Intergenerational Solidarity* [Glúine a thabhairt le chéile: an bealach chun na dlúthpháirtíochta idirghlúine a thógáil] ó Edwards Lifesciences, an 21 Meitheamh 2022.

9. Tá cur chun cinn an chothromais idirghlúine trí bheartais a bhaineann leis an óige[7] ar gach leibhéal an-ábhartha, go háirithe i gceantair thuaithe, iargúlta, fhorimeallacha, bheagfhorbartha agus sna réigiúin is forimeallaí. Is dúshlán tromchúiseach é an laghdú atá ag teacht ar líon na ndaoine óga i mBallstáit éagsúla[8] agus imirce daoine oilte do roinnt mhaith de na pobail sin, agus tá sé ríthábhachtach tosaíocht níos airde a thabhairt do chothromas idirghlúine trí bheartais tacaíochta a cheapadh a bhaineann leis an óige[9] chun comhtháthú a áirithiú.

10. Ní mór comhionannas inscne[10] a áirithiú agus gné idirghlúine á héascú i mbeartais a bhaineann leis an óige agus i soláthar na hoibre don óige. Chuige sin, teastaíonn iarrachtaí ní hamháin ó rialtais, ach ón tsochaí shibhialta freisin, lena n-áirítear eagraíochtaí óige, ceannairí óige, oibrithe óige, na meáin, agus an earnáil phríobháideach.

11. Le hIdirphlé Óige an Aontais Eorpaigh, an sásra rannpháirtíochta is mó don óige san Aontas, agus le córas comhbhainistíochta Chomhairle na hEorpa, cuirtear spásanna ar fáil chun idirphlé idirghlúine a choincheapú mar phróiseas ina bhfuil spás ag daoine d'aoiseanna éagsúla don mhachnamh comhchoiteann agus don chomhléiriúchán. Le linn Chomhdháil Óige an Aontais i bPrág an 11 go dtí an 13 Iúil 2022, chuir daoine óga in iúl nár cheart go dtiocfadh idirphlé idirghlúine in ionad idirphlé díreach idir an óige agus lucht ceaptha beartas, ach gur cheart é a bheith ar siúl taobh leis.

---

7 Is beartais iad beartais a bhaineann leis an óige a mbíonn tionchar acu ar shaol daoine óga agus a mbíonn feabhas ar dhálaí maireachtála agus ar dheiseanna daoine óga mar chuid lárnach díobh, chomh maith le tacaíocht do chomhdheiseanna chun páirt a ghlacadh sa saol eacnamaíoch, sóisialta agus polaitiúil.

8 Achoimre ar Bheartas ó UNECE maidir le haosú, Uimh. 18, Márta 2017.

9 Bíonn beartais tacaíochta a bhaineann leis an óige bunaithe ar mheasúnú ar riachtanais daoine óga agus tugann siad aghaidh ar ghnéithe éagsúla de bheartais phoiblí nach gcumhdaítear le doiciméid bheartais níos ginearálta, amhail an fholláine, an mheabhairshláinte, tithíocht, rochtain ar bhonneagar nó ar sheirbhísí etc.

10 Leis an Straitéis maidir le Comhionannas Inscne 2020-2025, bunaítear creat d'obair an Choimisiúin Eorpaigh maidir le comhionannas inscne agus leagtar amach inti na cuspóirí beartais agus na príomhghníomhaíochtaí don tréimhse 2020-2025. Teachtaireacht ón gCoimisiún, COM(2020) 152 final.

MEASANN SIAD AN MÉID SEO A LEANAS:

12. Tá sé tábhachtach idirphlé a chur chun cinn i measc daoine óga agus idir daoine óga agus na glúine níos sine araon. Is suntasach iad na tairbhí a bhaineann le taithí agus inniúlachtaí na nglún éagsúil a thabhairt le chéile, agus cuireann an próiseas le sochaithe síochánta comhtháite a thógáil atá bunaithe ar urraim fhrithpháirteach, ionbhá, dlúthpháirtíocht agus tuiscint ar riachtanais gach aoisghrúpa.

13. Cuireann rannpháirtíocht daoine óga i dtionscadail idirphlé idirghlúine agus dlúthpháirtíochta idirghlúine, lena n-áirítear gníomhaíochtaí saorálaíochta, ar chumas daoine óga inniúlachtaí idirdhisciplíneacha agus scileanna sóisialta a fháil is féidir a chur i bhfeidhm i réimsí eile dá saol. Rannchuidíonn rannpháirtíocht ghníomhach na nglún éagsúil san idirphlé idirghlúine le scileanna idirphearsanta agus le hinoiriúnaitheacht chómhalartach a fhorbairt agus cuidíonn sé le hathléimneacht agus folláine na sochaí a chothú trí rannpháirtíocht shóisialta, trí naisc shóisialta a shaothrú agus tríd an leithlisiú sóisialta a chosc.

14. Trí chothromas idirghlúine a chur chun cinn le cur chuige iomlánaíoch réamhbhreathnaitheach chun beartais a bhaineann leis an óige a fhorbairt, cuirtear leis an gcomhtháthú sóisialta. Ba cheart do lucht ceaptha beartas a fhaigheann tacaíocht ó thaighdeoirí, ó oibrithe óige, ó eagraíochtaí óige, ó ghairmithe eile[11] agus ó gheallsealbhóirí ábhartha eile a léiriú go bhfuil tiomantas láidir polaitiúil acu chun gníomhú ar neamhionannais laistigh de na glúine éagsúla agus eatarthu agus chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin idirghlúine. Ba cheart rochtain a bheith acu ar shonraí agus ar fhianaise náisiúnta nó Eorpach atá ann cheana, imdhealaithe de réir aoise, lena ndéantar faireachán ar neamhionannais idir daoine óga a bhfuil cúlraí agus dálaí maireachtála éagsúla ag baint leo agus thar aoisghrúpaí.

**11** Chun críocha na gconclúidí seo ón gComhairle, tuigtear go gciallaíonn ‘gairmí eile’ duine, a fhéachtar air, de ghnáth, ag brath ar chomhthéacsanna náisiúnta éagsúla, mar mheantóir, oideachasóir, acadóir, teagascóir nó oiliúnóir, a chuireann teagasc nó oiliúint ar fáil do lucht ceaptha beartas, d’oibrithe óige agus do shaorálaithe atá ag obair i réimse na hóige, arb é is aidhm dóibh na scileanna a theastaíonn uathu dá bpost nó dá ngníomhaíochtaí a fhoghlaim.

15. Ba cheart do lucht ceaptha beartas, eagraíochtaí óige lena n-áirítear comhairlí áitiúla óige, daoine óga, oibrithe óige, ceannairí óige, taighdeoirí, oideachasóirí agus geallsealbhóirí eile, i gcás inarb ábhartha, bearta agus cuir chuige nuálacha a mheas a d'fhéadfadh daoine óga a thabhairt le chéile le haoisghrúpaí eile i nósanna imeachta cinnteoireachta.

16. Ní mór urraim a thabhairt d'ilchineálacht na nglún, maidir le saintréithe éagsúla aonair agus grúpa lena n-áirítear cumais mheabhracha agus fhisiceacha, dálaí socheacnamaíocha, agus na féiniúlachtaí a dtacaíonn siad leo, ionas go mbeidh an deis chéanna ag gach glúin rannpháirtíocht iomlán agus éifeachtach a bheith acu in idirphlé idirghlúine ar gach leibhéal cinnteoireachta a dhéanann difear dá saol pearsanta, gairmiúil agus sóisialta.

17. Tá sé tábhachtach tacú le hoibrithe óige a fhaigheann íocaíocht agus le hoibrithe deonacha óige chun an ghné idirghlúine dá gcuid oibre a chur chun cinn agus a chur chun feidhme. Ba cheart an t-oideachas agus an oiliúint a chuirtear ar oibrithe óige a fhaigheann íocaíocht agus ar oibrithe deonacha óige a oiriúnú, i gcás inarb iomchuí, chun dlúthpháirtíocht agus cothromas idirghlúine a chur chun cinn i soláthar na hoibre don óige agus i ngníomhaíochtaí saorálaíochta.

18. Ba cheart féachaint ar rannpháirtíocht taighdeoirí i mbearta struchtúracha fadtéarmacha a fhorbairt chun dlúthpháirtíocht agus ceartas idirghlúine a chur chun cinn a fhiosrú, mar shampla trí tháscairí a sholáthar maidir le cothromas idirghlúine nó trí fhoilseacháin taighde thréimhsiúla ina scrúdaítear cothromas idirghlúine.

19. Le tionscnaimh nuálacha idirphlé idirghlúine maidir le scileanna digiteacha a fhorbairt, is féidir Eorpaigh óga a spreagadh chun rannpháirtíocht a bpiaraí agus daoine scothaosta san aistriú digiteach a éascú. Is féidir le tionscnaimh den sórt sin, a bhfuil sé mar aidhm leo pobail a chumhachtú chun a scileanna litearthachta digití a neartú, uaigneas bhaill an phobail a laghdú, cur lena bhfolláine agus a gcuimsiú sóisialta a mhéadú agus ar an gcaoi sin cuidiú le pobail chomhtháite a thógáil.

20. Is éard atá i gceist le coincheap na forbartha inbhuanaithe dá dtagraítear i Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe, agus an gá atá lena ghné shóisialta a neartú, rannpháirtíocht ghníomhach saoránach de gach aois chun pobail shábháilte, chuimsitheacha agus chomhtháite a thógáil. Is féidir aitheantas sochaíoch do riachtanais agus freagrachtaí éagsúla na n-aoisghrúpaí difriúla a threisiú trí imeachtaí agus gníomhaíochtaí saorálaíochta a thugann ionadaithe ó aoisghrúpaí éagsúla le chéile, chun deis a thabhairt do ghlúine óga agus do ghlúine níos sine idirghníomhú agus tuairimí a mhalartú maidir leis na hábhair a bhaineann le hEoraip inbhuanaithe.

21. Tá impleachtaí tábhachtacha ag baint leis an éagsúlacht ghlúine a thuiscint ó thaobh acmhainní a fhorbairt chun caidreamh sláintiúil idirghlúine agus comhtháthú sóisialta a fhorbairt. Chun idirphlé a chur chun cinn idir glúine níos óige agus glúine níos sine, ba cheart an deis a thabhairt do leanaí freisin páirt a ghlacadh in idirphlé idirghlúine, d'fhonn taithí chomhroinnte a chruthú ar idirphlé cuiditheach agus urraim fhrithpháirteach agus ionbhá á bhforbairt ag an am céanna ó aois óg.

IARRANN SIAD AR NA BALLSTÁIT AR NA LEIBHÉIL IOMCHUÍ AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:

22. Feasacht a ardú i measc lucht ceaptha beartas maidir le cothromas idirghlúine agus an fhianaise, an fhaisnéis, na sonraí agus na hacmhainní ábhartha eile a chur ar fáil dóibh atá riachtanach chun comhionannas aoisbhunaithe a threisiú i gceapadh beartas.

23. Féachaint an bhféadfaí cuspóirí agus bearta lena léirítear an ghné idirghlúine a áireamh i straitéisí agus i mbeartais don óige, i gcás inarb iomchuí. Ba cheart na cuspóirí agus na bearta sin a fhorbairt ar bhonn eolais, fianaise agus dea-chleachtas, agus i gcomhairle le grúpaí éagsúla daoine óga, lena n-eagraíochtaí ionadaíocha agus le geallsealbhóirí ábhartha eile, chun torthaí beartais níos freagrúla agus níos cuimsithí a bhaint amach.

24. Comhairliúcháin le daoine óga agus a rannpháirtíocht ghníomhach fhiúntach a chur chun cinn agus a éascú, i ndlúthchomhar le heagraíochtaí óige, le comhairlí óige, agus le húdaráis agus pobail áitiúla, réigiúnacha agus náisiúnta chun ghné idirghlúine na mbeartas uile a bhaineann leis an óige a fhorbairt, a chur chun feidhme agus chun meastóireacht a dhéanamh uirthi.

25. Cruthú deiseanna agus spásanna inrochtana a éascú do dhaoine óga chun páirt a ghlacadh in idirphlé fóinteach idirghlúine i bpróisis chinnteoireachta phoiblí ar fud na réimsí beartais uile a dhéanann difear dá saol agus dá ndea-bhail trí bhearta spriocdhírithe a chur chun feidhme lena gcumasófar rannpháirtíocht, go háirithe, daoine óga ar lú na deiseanna a bhíonn acu agus grúpaí daoine óga atá faoi ghannionadaíocht.

26. Féachaint ar bhealaí chun spás a chur ar fáil chun lucht ceaptha beartas, taighdeoirí, oibrithe óige agus daoine óga a thabhairt le chéile ionas gur féidir leo uirlisí idirphlé idirghlúine a fhorbairt amhail sraith straitéisí idirphlé idirghlúine, agus chun rochtain chomhionann a éascú ar fhaisnéis maidir leis an gcaoi ar féidir guthanna daoine óga a chloisteáil trí dheiseanna idirphlé idirghlúine.

27. Leas a bhaint as na deiseanna a chuirtear ar fáil leis an gCór Dlúthpháirtíochta Eorpach agus le clár Erasmus+ chun tacú le forbairt agus cur chun feidhme straitéisí fothaithe acmhainneachta de chuid eagraíochtaí óige agus daoine óga, straitéisí a chabhraíonn le saorálaíocht phobail a fhorbairt trí chomhpháirtíochtaí a chruthú a léiríonn éagsúlacht an phobail ar fad agus riachtanais na nglún éagsúil.

28. Féachaint ar na féidearthachtaí lenar féidir leis na creataí inniúlachtaíbhunaithe[12] atá ann cheana le haghaidh oideachas, foghlaim agus oiliúint foirmiúil agus neamhfhoirmiúil maidir le hobair óige cuidiú leis an ngné idirghlúine a léiriú i ngníomhaíochtaí na hoibre óige.

IARRANN SIAD AR NA BALLSTÁIT AGUS AR AN gCOIMISIÚN EORPACH, INA RÉIMSÍ INNIÚLACHTA FAOI SEACH AGUS AR NA LEIBHÉIL IOMCHUÍ, AG CLOÍ LE PRIONSABAL NA COIMHDEACHTA, AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:

29. Féachaint an bhféadfaí leas a bhaint as treoirlínte, boscaí uirlisí[13] agus sásra atá ann cheana, amhail painéil saoránach[14], chun tacú le gné na hóige a chomhtháthú i mbeartais earnála agus, ar an gcaoi sin, feabhas a chur ar chomhleanúnachas beartais, ionas go gcuirfear beartais agus seirbhísí ar fáil a bheidh níos freagrúla do riachtanais daoine óga.

---

**12** Moladh de chuid Chomhairle na hEorpa CM/Rec (2017) 4 ó Choiste na nAirí chuig na Ballstáit maidir le hobair óige.

13 ECFE (2020), *Governance for Youth, Trust and Intergenerational Justice: Fit for All Generations?* [Rialachas don Óige, don Iontaobhas agus don Cheartas idirghlúine: Oiriúnach do Chách?] Athbhreithnithe ECFE ar Rialachas Poiblí, OECD Publishing, Páras nó Straitéis na Náisiún Aontaithe don Óige, modheolaíocht marcála na hóige, *Youth 2030 Working with and for young people* [An Óige 2030 Ag obair le daoine óga agus ar a son].

**14** COM(2022) 404 final. Cuireann Painéil Saoránach ar chumas na saoránach smaoineamh go comhpháirteach ar thopaicí atá ábhartha dóibh. Mar shampla, ba ghné an-tábhachtach den Chomhdháil ar Thodhchaí na hEorpa iad na Painéil Saoránach Eorpach. Faoi mar a bhí sa Chomhdháil seo, ba cheart na rannpháirtithe a roghnú go randamach. Ach ba cheart éagsúlacht agus déimeagrafaíocht na hEorpa a léiriú iontu freisin. Ba cheart daoine óga a bheith sa tríú cuid de na rannpháirtithe. I gcás inarb iomchuí, beidh 'tuarascáil saoránach' mar chuid den mheasúnú tionchair, tuarascáil ina ndéanfar achoimre ar thorthaí na bpróiseas rannpháirteach agus breithniúcháin sin. Nuair is daoine óga iad na rannpháirtithe uile, is 'measúnú tionchair ó thaobh na hóige de' a thabharfaí air sin. An chéad cheann de ghlúin nua sin na bPainéal Saoránach, seolfar é i gcomhthéacs an aithisc ar Staid an Aontais in 2022.

30. Leanúint d'úsáid a bhaint as sásraí agus ardáin rannpháirtíochta atá ann cheana, amhail seisiúin ionsamhlúcháin pharlaimint na hóige agus idirphlé beartais le lucht ceaptha beartas ar an leibhéal áitiúil, náisiúnta, réigiúnach agus Eorpach chun idirphlé idirghlúine a chur chun cinn idir daoine óga agus geallsealbhóirí le sainorduithe cinnteoireachta ar gach leibhéal.

31. Úsáid a bhaint as líonraí agus uirlisí atá ann cheana, lena n-áirítear Eurodesk agus Tairseach Eorpach na hÓige, chun faisnéis sholáimhsithe a chur chun cinn faoi na féidearthachtaí éagsúla atá ag an Aontas chun tionscadail agus tionscnaimh a fhorbairt agus a chur chun feidhme lena dtacaítear le hidirphlé idirghlúine, le dlúthpháirtíocht idirghlúine agus le cothromas idirghlúine.

32. Malartú dea-chleachtas a éascú lena gcumhdaítear rannpháirtíocht chomhpháirteach saoránach óg agus saoránach scothaosta i ngníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta chomh maith le pleanáil pobail, mar a forbraíodh i gcláir amhail Erasmus+ agus an Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach, agus foghlaim ar feadh an tsaoil trí uirlisí agus ardáin an Aontais atá ann cheana, chun comhtháthú sóisialta a mhéadú i bpobail áitiúla.

33. Gníomhaíochtaí foghlama frithpháirtí a eagrú, amhail seimineáir, gníomhaíochtaí piarfhoghlama nó cineálacha comhair ábhartha eile idir geallsealbhóirí ó réimsí éagsúla beartais, daoine óga agus eagraíochtaí óige maidir le hidirphlé idirghlúine, dlúthpháirtíocht idirghlúine agus cothromas idirghlúine a chur chun cinn.

34. Faoi chuimsiú an chreata airgeadais agus na gclár atá ann cheana, tacú le spásanna agus tionscnaimh a chur ar bun do dhaoine óga agus, i gcás inar féidir, féachaint an bhféadfaí iad a chur ar bun. Chun comhtháthú sóisialta a threisiú, cur ar a gcumas gníomhaíochtaí lena gcuirtear idirphlé idirghlúine chun cinn a fhorbairt agus páirt a ghlacadh iontu.

IARRANN SIAD AR AN gCOIMISIÚN EORPACH, I gCOMHRÉIR LE PRIONSABAL NA COIMHDEACHTA, AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:

35. Sineirgí a chothú idir beartas na hóige agus beartais agus cláir eile atá ábhartha don óige chun cuspóirí Straitéis Óige an Aontais Eorpaigh a bhaint amach, lena n-áirítear Spriocanna Eorpacha don Óige # 3, ‘Sochaithe cuimsitheacha’, agus # 4, ‘Faisnéis agus idirphlé cuiditheach’, agus idirphlé agus comhtháthú sóisialta á gcur san áireamh i spriocanna an dara ceann, chomh maith le rannpháirtíocht in idirphlé urramach neamhfhoréigneach.

36. Béim a leagan ar ról Chomhordaitheoir Eorpach na hÓige maidir le feasacht a mhúscailt i ndáil leis an ngá atá le haghaidh a thabhairt ar cheisteanna idirghlúine ar fud na réimsí beartais ábhartha uile.

37. Malartú dea-chleachtas idir na Ballstáit a éascú maidir le hidirphlé idirghlúine agus dlúthpháirtíocht idirghlúine a chothú trí úsáid a bhaint as Tairseach Eorpach na hÓige, Vicí don Óige, agus as cláir agus tionscnaimh de chuid an Aontais amhail Erasmus+, an Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach, Eoraip na Cruthaitheachta agus Bauhaus Eorpach Nua.

IARRANN SIAD AR NA GNÍOMHAITHE UILE ATÁ RANNPHÁIRTEACH I nGNÍOMHAÍOCHTAÍ COMHAIR EORPACHA I RÉIMSE NA hÓIGE AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:

38. Lá Eorpach na Dlúthpháirtíochta idir na Glúine a chur chun cinn, lá atá á cheiliúradh go bliantúil an 29 Aibreán ó 2009 i leith agus a thugann deis mhaith don Aontas athnuachan a dhéanamh ar a thiomantas do neartú na dlúthpháirtíochta agus an chomhair idir na glúine chun sochaí chothrom agus inbhuanaithe a chur chun cinn[15].

39. Idirphlé idirghlúine a spreagadh chun idirdhealú aoise agus aoiseachas a chomhrac trí aoisghrúpaí éagsúla a thabhairt le chéile agus a chur ar a gcumas aithne níos fearr a chur ar a chéile, foghlaim óna chéile agus comhoibriú ina saol laethúil.

40. Iarrachtaí comhpháirteacha a dhéanamh chun Sprioc Eorpach don Óige #4 a chur chun feidhme trí ghlúine éagsúla a rannpháirtiú le gníomhaíochtaí comhpháirteacha atá dírithe ar phobail áitiúla spreagadh chun páirt a ghlacadh i gcomhrac na bréagaisnéise agus feachtais bholscaireachta spriocdhírithe. I gcás inarb iomchuí, ba cheart meastóireacht a dhéanamh ar chláir litearthachta sna meáin atá dírithe ar athléimneacht shochaíoch a fhorbairt i bhfianaise feachtais spriocdhírithe bhréagaisnéise agus mhífhaisnéise agus ba cheart a mheas iad a leathnú i suíomhanna oideachais fhoirmiúil agus foghlama neamhfhoirmiúla araon. Tá tábhacht ar leith ag baint leis sin i gcomhthéacs feachtais bhréagaisnéise agus mhífhaisnéise i ngéarchéimeanna amhail i gcás phaindéim COVID-19 agus chogadh foghach na Rúise ar an Úcráin in 2022.

15 Cinneadh Uimh. 940/2011/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meán Fómhair 2011 maidir leis an mBliain Eorpach um Aosú Gníomhach agus Dlúthpháirtíocht idir Ghlúine (2012), IO L 246/5, 23.9.2011.

(a) TAGAIRTÍ

Agus na conclúidí seo á nglacadh acu, tugann an Chomhairle agus ionadaithe rialtais na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, dá n-aire na doiciméid seo a leanas:

- Moladh ón gComhairle an 5 Aibreán 2022 maidir le soghluaisteacht saorálaithe óga ar fud an Aontais Eorpaigh, IO C 157 (2022).
- Conclúidí ón gComhairle agus ó ionadaithe rialtais na mBallstát ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle – An rannpháirteachas a chothú i measc daoine óga mar ghníomhaithe ar son an athraithe chun an comhshaol a chosaint, IO C 159/07 (2022).
- Cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Bliain Eorpach na hÓige (2022), IO L 462, 28.12.2021.
- Conclúidí ón gComhairle agus ó ionadaithe Rialtais na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, maidir le spásanna sibhialta a chosaint agus a chruthú do dhaoine óga lena n-éascaítear rannpháirtíocht fhóinteach na hóige, IO C 501 1/04 (2021).
- Conclúidí ón gComhairle agus ó Ionadaithe Rialtais na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, maidir leis an rialachas il-leibhéil a neartú agus rannpháirtíocht na ndaoine óga i bpróisis chinnteoireachta á cur chun cinn, IO C 241/03 (2021).
- An Coimisiún Eorpach, Páipéar Uaine maidir le haosú: Dlúthpháirtíocht agus freagracht a chothú idir na glúine, COM(2021) 50 final.
- Conclúidí ón gComhairle maidir leis an aosú a phríomhshruthú i mbeartais phoiblí, 6976/21 (2021).

- Conclúidí ón gComhairle agus ó ionadaithe rialtais na mBallstát ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle maidir leis an bhfeasacht dhaonlathach agus an rannpháirtíocht dhaonlathach a chothú i measc daoine óga san Eoraip, IO C 415/09 (2020).

- Conclúidí ón gComhairle agus ó Ionadaithe Rialtais na mBallstát ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle maidir le deiseanna a mhéadú do dhaoine óga i gceantair thuaithe agus iargúlta, IO C 193/06 (2020).

- Rún ón gComhairle agus ó Ionadaithe na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, lena mbunaítear treoirlínte maidir le rialachas Idirphlé Óige an Aontais - Straitéis Óige an Aontais Eorpaigh 2019-2027, IO C 189 (2019).

- Rún ó Chomhairle an Aontais Eorpaigh agus ó Ionadaithe Rialtais na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, maidir le creat don chomhar Eorpach i réimse na hóige: Straitéis an Aontais Eorpaigh i leith na hÓige 2019-2027, IO C 456 (2018).

- Cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an mBliain Eorpach um Aosú Gníomhach agus Dlúthpháirtíocht idir Ghlúine (2012), IO L 246/5.

- Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal *New European Bauhaus Beautiful, Sustainable, Together* [Bauhaus Eorpach Nua: Ealaíonta, Inbhuanaithe, Cuimsitheach] COM(2021) 573.

- Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig an gCoiste Eacnamaíoch agus Sóisialta agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal *EU strategy on the rights of the child* [Straitéis an Aontais um chearta an linbh] COM/2021/142 final.

- Nóta beartais ó Chomhairle na hEorpa um Chaidreamh Eachtrach dar teideal *Europe's Invisible Divides: How COVID-19 is Polarising European Politics* [An Eoraip – an deighilt dofheicthe: mar atá polaitíocht na hEorpa á dí-aontú ó chéile ag COVID-19] Meán Fómhair 2021.

- Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal: Aontas an Chomhionannais: An Straitéis Comhionannais Inscne 2020-2025, COM (2020) 152.

- An Coimisiún Eorpach, Staidéar Mapála ar ghné idirghlúine an spóirt: tuarascáil deiridh chuig an gCoimisiún Eorpach, Oifig na bhFoilseachán, 2020.

- An Coimisiún Eorpach, Plean Gníomhaíochta Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta.

- An Coimisiún Eorpach, Colún Eorpach na gCeart Sóisialta agus a 20 prionsabal.

- ECFE, *Recommendation of the Council on Creating Better Opportunities for Young People* [Moladh ón gComhairle maidir le Deiseanna Níos Fearr a Chruthú do Dhaoine Óga] OECD/LEGAL/0474, 10.6. 2022.

- Tuarascáil ECFE (2020), *Governance for Youth, Trust and Intergenerational Justice: Fit for All Generations?* [Rialachas don Óige, don Iontaobhas agus don Cheartas idirghlúine: Oiriúnach do Chách?] 22.11.2020.

- Tuarascáil ó ECFE dar teideal *Youth and COVID-19: Response, Recovery and Resilience* [An Óige agus COVID-19: Freagairt, Téarnamh agus Athléimneacht], 11.6.2020.

- An Coimisiún Eorpach, Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin, Treoirlínte maidir le Rialáil Níos Fearr, SWD(2021) 305 final, 3.11.2021.

- *United Nations, Youth Strategy Youth 2030: Working with and for young people* [Na Náisiúin Aontaithe, Straitéis don Óige 2030: Ag obair le daoine óga agus ar a son.]

- Deležan Tomaž, *Derailing modern democracies: the case of youth absence from an intergenerational perspective* [Daonlathas na linne á chur de dhroim seoil: easpa na n-óg ó dhearcadh idirghlúine] Annales, 2018.

- Deležan Tomaž, *Intergenerational dialogue for democracy* [An tIdirphlé idirghlúine ar son an daonlathais]. International IDEA: Plépháipéar 1/2017.

- *Letter to EU Institutions* [Litir chuig institiúidí an Aontais] Tuistí Don Todhchaí san Eoraip, an 12 Meitheamh 2020.

(b) SAINMHÍNITHE AR NA PRÍOMHCHOINCHEAPA CHUN CRÍCHE NA gCONCLÚIDÍ SEO

Ciallaíonn ‘an ghné idirghlúine a chur chun cinn i gceapadh beartas don óige agus sa soláthar a dhéantar don obair óige’ idirphlé idirghlúine, dlúthpháirtíocht idirghlúine agus ceartas/cothromas idirghlúine i réimse na hóige a chur chun cinn laistigh de shainordú Straitéis an Aontais i leith na hÓige 2019-2027 trí bhíthin a leanas:

- beartais nuálacha trasearnálacha don óige (mar shampla lena mbunaítear an ghné idirghlúine mar cheann de na tosaíochtaí cothrománacha, na colúin, nó na spriocanna straitéiseacha nó oibríochtúla i ndoiciméid bheartas na hóige) lena gcothaítear an t-idirphlé i bpróisis chinnteoireachta chun a chur ar chumas daoine óga deis chomhionann a bheith acu i gcinntí a dhéanann difear dá saol, agus ar an gcaoi sin éagsúlacht aoise agus cothromas aoise sa saol poiblí a chur chun cinn ar an leibhéal áitiúil, réigiúnach, náisiúnta agus Eorpach.
- saibhriú a dhéanamh ar an soláthar a dhéantar don obair óige trí dhlúthpháirtíocht agus idirphlé idirghlúine a chomhtháthú i ngníomhaíochtaí oibre don óige agus i ngníomhaíochtaí saorálaíochta.

ciallaíonn ‘idirphlé idirghlúine’ spás nó deis rannpháirtíochta idirghníomhach agus shábháilte lena dtugtar le chéile glúine níos óige agus glúine níos sine chun eolas comhroinnte agus taithí chomhchoiteann a chruthú. Féadfar é seo a dhéanamh trí shásraí éagsúla (mar shampla, suirbhéanna, cruinnithe, cruinnithe comhchéime, painéil saoránach, fóraim, nó comhairlí comhairleacha) ar mhaithe lena leanas a bhaint amach: ardleibhéal sa tsaoránacht eolasach agus sa chinnteoireacht chomhroinnte, mar aon le comhtháthú an chothromais idirghlúine agus phrionsabail an cheartais sna leibhéil éagsúla rialachais.

Ciallaíonn ‘comhionannas idirghlúine’ an leibhéal céanna deiseanna agus cúnaimh a chur ar fáil do gach aoisghrúpa sa tsochaí. Áirithítear leis go bhfuil na cearta agus na freagrachtaí céanna ag gach aoisghrúpa.

Ciallaíonn 'cothromas idirghlúine' nach mór a aithint go bhfuil riachtanais éagsúla ag aoisghrúpaí éagsúla agus nach mór coigeartuithe a dhéanamh ar mhíchothromaíochtaí. Tá an próiseas leanúnach; ní mór bacainní a dhéantar go toiliúil agus neamhthoiliúil a eascraíonn as claontacht nó as struchtúir chórasacha a shainaithint agus a shárú. Ciallaíonn 'cothromas' leibhéil éagsúla tacaíochta agus cúnaimh a chur ar fáil ag brath ar riachtanais nó cumais shonracha na n-aoisghrúpaí éagsúla. Áirithítear leis go dtugtar do gach aoisghrúpa na hacmhainní a theastaíonn uathu chun na deiseanna céanna a bheith acu.

Tagraíonn 'ceartas idirghlúine' do chothroime idirghlúine atá bunaithe ar an smaoineamh nár cheart go laghdódh saothrú leasa ag an nglúin reatha na deiseanna le haghaidh dea-shaol cuibhiúil do na glúine ina dhiaidh sin (na Náisiúin Aontaithe, 2013[16]). I gcomhthéacs na gConclúidí seo ón gComhairle, déantar cur síos sa cheartas idirghlúine ar an gcaidreamh idir glúine na linne seo, i.e. idir glúine níos óige agus glúine níos sine.

Tagraíonn 'dlúthpháirtíocht idirghlúine' do thacaíocht fhrithpháirteach agus do chomhar idir aoisghrúpaí éagsúla chun sochaí a bhaint amach ina mbeidh ról ag daoine de gach aois i gcomhréir lena riachtanais agus lena n-acmhainneachtaí agus inar féidir leo tairbhe a bhaint as dul chun cinn eacnamaíoch agus sóisialta a bpobail ar bhonn comhionann.

---

**16** Na Náisiúin Aontaithe, dlúthpháirtíocht idirghlúine agus riachtanais na nglún atá le teacht, Tuarascáil ón Ardrúnaí, A/68/322, 2013.

(c) ACHOIMRE AR THUARASCÁIL CHRÍOCHNAITHEACH NA gCOMHAIRLIÚCHÁN NÁISIÚNTA ARNA nDÉANAMH FAOIN 9Ú TIMTHRIALL AR IDIRPHLÉ ÓIGE AN AONTAIS EORPAIGH:

Bhí céim chomhairliúcháin an 9ú timthriall ar Idirphlé Óige an Aontais Eorpaigh (EUYD9) ar siúl ó mhí Eanáir go mí Lúnasa 2022. Cuimsítear san achoimre seo ar thorthaí EUYD9 gníomhaíochtaí comhairliúcháin a rinne na Meithleacha Náisiúnta, an t-ionchur ó Eagraíochtaí Idirnáisiúnta Neamhrialtasacha don Óige atá rannpháirteach in EUYD9, agus torthaí Chomhdháil Óige an Aontais Eorpaigh i bPrág, Poblacht na Seice[17]. Tá torthaí bhailiúchán meántéarma na ndea-chleachtas[18] ann freisin.

Torthaí fhothéama 1: 'Faisnéis agus oideachas'

Dar leis na daoine óga a ghlac páirt sna comhairliúcháin, ba cheart na foinsí faisnéise agus na deiseanna chun foghlaim faoin athrú aeráide:

- a bheith fabhrach don aos óg, inrochtana agus ar fáil i réimse formáidí agus teangacha.
- a bheith in ann ábharthacht an athraithe aeráide do shaol réimse éagsúil daoine óga a léiriú.
- a bheith cuimsitheach, iontaofa agus eolaíochtbhunaithe, ba cheart dóibh raon ábhar comhshaoil a chlúdach agus próisis pholaitiúla agus forbairtí a bhaineann le hinbhuanaitheacht a thaispeáint.
- ba cheart dóibh aird a tharraingt ar na naisc idir an t-athrú aeráide agus an neamhionannas, naisc nach raibh a lán daoine óga ar an eolas fúthu sna comhairliúcháin.

17 An 9ú timthriall ar Chomhdháil Óige an Aontais Eorpaigh, Prág, Poblacht na Seice. Tuarascáil Chríochnaitheach na Comhdhála: Plé maidir le hInbhuanaitheacht agus Cuimsiú, an 25 Iúil 2022.

18 Tuarascáil Mheántéarma EUYD9. Dea-chleachtais agus Próisis Chomhairliúcháin, an 30 Meitheamh 2022.

- ba cheart dóibh dul níos faide ná faisnéis a roinnt agus é a bheith mar aidhm acu daoine óga a spreagadh agus a chumhachtú chun gníomhú ar son na hinbhuanaitheachta, lena n-áirítear trí ghníomhaíocht pholaitiúil agus trí roghanna inbhuanaithe stíle maireachtála a dhéanamh.

- ba cheart dóibh 'teachtaireachtaí apacailipteacha' a chothaíonn easpa dóchais agus a imríonn drochthionchar ar mheabhairshláinte daoine óga a sheachaint.

Chun deiseanna foghlama maidir le hinbhuanaitheacht a mhéadú, moladh gur cheart úsáid níos fearr a bhaint as scoileanna, agus as na hábhair a chuirtear san áireamh ina gcuraclaim. Cé gurbh iad na scoileanna an fóram is mó a moladh do na deiseanna sin, bhí an tsochaí shibhialta, clubanna óige, eagraíochtaí óige, uirlisí digiteacha agus cláir idir piaraí i measc na dtimpeallachtaí foghlama tairbhiúla a sainaithníodh freisin. Tarraingíodh anuas an gá atá le cistiú don obair óige agus d'eagraíochtaí óige chun cur leis na deiseanna foghlama a bhaineann leis an inbhuanaitheacht.

<u>Torthaí fhothéama 2: 'Gníomhaíocht agus cumhachtú'</u>

Is tuairim chomhchoiteann i measc rannpháirtithe an chomhairliúcháin é go bhfuil easpa gníomhaíochta léirithe ag lucht ceaptha beartas agus polaiteoirí maidir le saincheisteanna inbhuanaitheachta agus comhshaoil, agus nach bhfuil ach bealaí an-teoranta ag daoine óga chun cinnteoirí a thabhairt chun cuntais ar na hábhair sin. Bhí mímhuinín agus míshástacht ina measc i leith polaiteoirí. Bhí go leor daoine óga, ach ní iad go léir, in ann sásraí rannpháirtíochta éagsúla atá ann a shainaithint, (e.g. agóidí, achainíocha, eagraíochtaí na sochaí sibhialta). Go ginearálta, áfach, dúradh gur theip ar na sásraí sin athrú a dhéanamh ar mhaithe leis an inbhuanaitheacht, mar gheall ar easpa gníomhaíochta an lucht ceaptha beartas ábhartha. Níor aithníodh go forleathan go raibh cineálacha sonracha meicníochta áirithe níos éifeachtaí ná cineálacha eile. Dúirt daoine óga a bhfuil baint acu le struchtúir fhoirmiúla (e.g. comhairlí óige, boird chomhairleacha) go raibh tionchar éigin ag na struchtúir sin nuair a bhí siad leabaithe i gceapadh beartas. Mar sin féin, ní raibh a lán daoine óga ar an eolas faoi na struchtúir sin. Deirtear gur cuireadh feabhas ar dheiseanna chun cinnteoirí a thabhairt chun cuntais trí na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- lucht ceaptha beartas a bheith ag gealladh go ndéanfaí gníomhaíocht níos fairsinge bunaithe ar thorthaí na sásraí rannpháirtíochta.

- inrochtaineacht na sásraí rannpháirtíochta a fheabhsú, a áirithiú go ndíríonn siad ar ábhair imní grúpaí imeallaithe chomh maith le saincheisteanna tromlaigh, agus go gcuireann siad ar chumas daoine óga imeallaithe róil cheannaireachta a ghlacadh.

- líon na ndeiseanna rannpháirtíochta maidir leis an inbhuanaitheacht a mhéadú, go háirithe idirphlé neamhfhoirmiúil agus rialta le hionadaithe tofa.

- comhairlí óige a chur chun cinn agus a chosaint trí acmhainní a mhéadú, tuilleadh comhairlí óige áitiúla a bhunú agus tacaíocht reachtach a áirithiú.

<u>Torthaí fhothéama 3: 'Rialachas'</u>

Ag Comhdhálacha Óige EUYD9 sa Fhrainc agus i bPoblacht na Seice agus ag cruinniú neamhfhoirmiúil na n-airí an 22 Eanáir 2022 in Strasbourg, sainaithníodh ábhair imní a chuir daoine óga in iúl maidir le snas óige. Ní raibh na daoine óga a ghlac páirt sa chéim chomhairliúcháin chomh heolach céanna ar an gcoincheap, ach is minic a bhí siad in ann é a aithint. Dúradh gurb é atá i gceist le snas óige rannpháirtíocht idir polaiteoirí nó lucht ceaptha beartas agus daoine óga nach bhfuil fíorfhéidearthacht ann go dtarlódh athrú polaitiúil mar gheall uirthi, cé go mbítear ag súil go mbeidh. Sainaithníodh sna comhairliúcháin gur féidir le sásraí rannpháirtíochta snas óige a laghdú tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

- trédhearcacht agus infheictheacht a mhéadú trí fhaisnéis shoiléir a thabhairt do dhaoine óga maidir lena indéanta atá sé a n-éilimh a chur chun feidhme, agus trína áirithiú go ndéanfar gealltanais lucht ceaptha beartas a thaifeadadh agus a chur chun cinn go poiblí.

- obair leantach agus aiseolas a chur ar fáil do dhaoine óga maidir leis na gníomhaíochtaí a rinne lucht ceaptha beartas tar éis dóibh dul i mbun gníomhaíochtaí rannpháirtíochta le lucht ceaptha beartas, tuairisciú poiblí a dhéanamh ar na hathruithe a baineadh amach, nó údar maith a thabhairt leis an easpa athruithe a baineadh amach faoi sprioc-amanna ar leith, agus dul i mbun idirphlé leanúnach le daoine óga.

- naisc níos comhsheasmhaí agus níos láidre a fhorbairt idir sásraí rannpháirtíochta agus earnálacha beartais a bhaineann leis an inbhuanaitheacht.

Torthaí fhothéama 4: 'Soghluaisteacht agus dlúthpháirtíocht'

Sa chomhairliúchán, fiafraíodh de dhaoine óga ó raon éagsúil cúlraí imeallaithe cad a d'fhéadfadh a chur ar a gcumas leas a bhaint as deiseanna soghluaisteachta ar fud an Aontais a bhaineann leis an gcomhshaol. Ba shaincheist mhór iad bacainní airgeadais nó bacainní airgeadais a mheastar a bheith ann. Áiríodh leo sin costais dhíreacha, gan a bheith in ann sos a ghlacadh ón bhfostaíocht nó a bheith i mbaol cúnamh leasa shóisialaigh a chailleadh. Bhí tionchar freisin ag bacainní teanga agus easpa faisnéise inrochtana faoi dheiseanna. Mheas roinnt daoine óga nach raibh deiseanna soghluaisteachta an Aontais ceaptha do dhaoine óga óna gcúlra siúd. Bhí claonadh ann chomh maith díriú ar riachtanais saoil láithreacha nó ar shaincheisteanna áitiúla seachas ar ábhair comhshaoil freisin. Shainaithin na daoine óga a ndeachthas i gcomhairle leo gur gá an méid seo a leanas a dhéanamh:

- an tairseach chun rochtain a fháil ar dheiseanna a ísliú trí chostais a bhaint, deiseanna gearrthéarmacha (idir 2 lá nó 3 lá) a thairiscint, nósanna imeachta riaracháin a shimpliú, agus nascadh go díreach trí scoileanna nó trí thionscadail áitiúla.

- maoiniú agus tacaíocht a mhéadú do na heagraíochtaí a chuireann tionscadail soghluaisteachta agus dlúthpháirtíochta chun cinn.

- díriú ar thionscnaimh áitiúla chomhshaoil a bhaineann le pobail na ndaoine óga imeallaithe féin agus a imríonn tionchar acu orthu.

- poiblíocht agus for-rochtain a mhéadú, lena n-áirítear deiseanna soghluaisteachta a sholáthar do scoileanna, chomh maith le bheith ag obair le heagraíochtaí, le gairmithe agus le rannpháirtithe a bhí ann roimhe seo agus a bhfuil 'ceangail mhuiníne' acu le daoine óga in imthosca imeallaithe.

- béim a leagan ar na buntáistí pearsanta a bhaineann le páirt a ghlacadh, go háirithe maidir le hinfhostaitheacht agus scileanna fostaíochta, agus deiseanna a dhéanamh níos tarraingtí.

- tacaíocht ghairmiúil sholúbtha ardcháilíochta a chur ar fáil a bheidh in ann freastal ar riachtanais éagsúla inrochtaineachta, lena n-áirítear acmhainní a chur ar fáil d'eagraíochtaí a oibríonn le daoine óga i gcúinsí imeallaithe chun tacú le deiseanna soghluaisteachta comhshaoil.

Torthaí fhothéama 5: 'Rochtain ar bhonneagar'

Aithníodh teorainneacha airgeadais mar cheann de na príomhthosca a chuireann cosc ar dhaoine óga roghanna maireachtála níos inbhuanaithe a dhéanamh. D'iarr na rannpháirtithe a ndeachthas i gcomhairle leo go ndéanfaí bonneagar inbhuanaithe a fhorbairt a bheadh inacmhainne do dhaoine óga. Leagadh béim freisin ar an easpa bonneagair i gcoitinne i gceantair thuaithe. I measc na gcineálacha bonneagair a iarradh bhí:

- iompar poiblí inacmhainne feabhsaithe mar aon le saoráidí rothaíochta níos sábháilte agus níos forleithne, agus iad a bheith mar roghanna inmharthana i gcomparáid le carranna.
- roghanna tithíochta atá inrochtana ó thaobh airgeadais de, mar dúirt daoine óga go raibh bacainní airgeadais ina gcúis mhór le deacrachtaí a bheith acu le hinbhuanaitheacht a chur san áireamh agus tithíochta á roghnú acu.
- níos mó spásanna poiblí oscailte glasa agus fuinneamh inathnuaite a chur chun cinn.
- roghanna inacmhainne inbhuanaithe bia agus tomhaltais, lena n-áirítear athchúrsáil agus athúsáid. Bhí sé sin tábhachtach do go leor daoine óga, ach ní raibh sé chomh tábhachtach céanna le moltaí eile.

Ag Comhdháil Óige an Aontais i bPrág, sainaithníodh ról do bheartas na hóige, agus d'earnáil na hóige chun tacú le rannpháirtíocht daoine óga sna réimsí beartais a bhfuil baint níos dírí acu leis an mbonneagar, amhail iompar, tithíocht, pleanáil uirbeach, fuinneamh agus talmhaíocht.

Torthaí an téama trasghearrtha: Idirphlé idirghlúine

Aithníodh ag Comhdháil Óige an Aontais i bPrág nach 'saincheisteanna óige' iad an inbhuanaitheacht agus an cuimsiú, ach gur saincheisteanna iad a bhfuil tionchar acu ar an tsochaí ar fad. Dá bhrí sin, dúradh go raibh gá le hidirphlé idirghlúine d'fhonn a bheith i gcomhréir leis an dea-chleachtas ceaptha beartas. Ní raibh aon éileamh láidir ar idirphlé idirghlúine i gcomhairliúcháin EUYD9, ach bhí méid áirithe tacaíochta ann dó nuair a cuireadh an t-ábhar faoi bhráid na ndaoine óga a bhí rannpháirteach. Dúradh go bhféadfadh an t-idirphlé idirghlúine an méid seo a leanas a bhaint amach:

- aitheantas a dhlisteanú agus a fhorbairt d'ábhair imní agus iarrachtaí daoine óga i leith saincheisteanna inbhuanaitheachta.
- dlúthpháirtíocht agus tacaíocht fhrithpháirteach a fhorbairt idir na glúine.
- foghlaim idirghlúine a chur chun cinn agus a chur ar chumas daoine óga tionchar a imirt ar thuairimí na nglún scothaosta maidir leis an inbhuanaitheacht.

Dúradh nár cheart go gcuirfí idirphlé idirghlúine in ionad na sásraí rannpháirtíochta óige atá ann cheana, nó in ionad an idirphlé dhírigh idir daoine óga agus lucht ceaptha beartas, ach gur cheart é a bheith ar siúl taobh leis na gníomhaíochtaí sin.